Trasnáil mhór i gcomhair freagra i scríbhinn maille le díospóireacht G-000001/2019 ar an gCoimisiún
Rule 130b
Daniel Buda, Theodor Dumitru Stolojan, Marian-Jean Marinescu, Adina-Ioana Vălean, Cristian-Silviu Buşoi, Mihai Ţurcanu, Csaba Sógor, Siegfried Mureşan, Emil Radev, Milan Zver, Romana Tomc, Ivana Maletić, Michaela Šojdrová, Marijana Petir, Dubravka Šuica, Danuta Jazłowiecka, Krzysztof Hetman, Franc Bogovič, Anna Záborská, Željana Zovko, Marek Plura, Dariusz Rosati, Tamás Deutsch, Kinga Gál, Norbert Erdős, László Tőkés, Andrea Bocskor, András Gyürk, György Schöpflin, Andor Deli, Pál Csáky, Vladimir Urutchev, Michał Boni, Lívia Járóka, Andrey Kovatchev, Asim Ademov, Stanislav Polčák, Eva Maydell, Ivica Tolić, Alojz Peterle

Ábhar: Sáruithe ar chearta leanaí a bhfuil a dtuismitheoirí ag obair san Ostair

An bhliain seo caite, ghlac Parlaimint na hOstaire acht normatach faoinar gá liúntais cúraim leanaí d'oibrithe eachtrannacha nach bhfuil a leanaí ina gcónaí in éineacht leo san Ostair a athrú i gcomhréir le forálacha a dtíre tionscnaimh. Is éard a bheidh mar thoradh ar an mbeart seo ná laghdú suntasach ón 1 Eanáir 2019 i liúntais a íoctar do leanaí a bhfuil cónaí orthu in oirthear na hEorpa. Caithfidh cearta comhionanna a bheith ag oibrithe Eorpacha; níor chóir don Choimisiún cur suas a thuilleadh le gníomhaíochtaí idirdhealaitheacha a bhfuil tionchar acu ar an smaoineamh faoin aontacht agus dlúthpháirtíocht ar leibhéal na hEorpa agus a d'fhéadfadh an tuiscint a neartú laistigh den Aontas gurb ann do shaoránaigh den chéad ghrád agus den dara grád.

Cad í barúil an Choimisiúin i dtaca le comhoiriúnacht reachtaíocht nua na hOstaire maidir le hinnéacsú ar shochair cúraim leanaí le dlí an Aontais?

Cad iad na bearta atá beartaithe ag an gCoimisiún a ghlacadh mar fhreagairt ar shárú chearta AE na n-oibrithe sin agus a leanaí?

Má tá sé ar intinn ag an gCoimisiún bearta a dhéanamh, conas mar a rachaidh sé ar aghaidh leo go tráthúil, ag cur san áireamh go bhfuil deacrachtaí airgeadais ag teannadh lena lán teaghlach cheana féin mar thoradh ar na bearta Ostaracha?